

## COISTE COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ AN tSEANAID

### COMHAIRLIÚCHÁN MAIDIR LE STÁDAS AN ROISC NÁISIÚNTA, MAIDIR LEIS AN gCAOI A gCAITEAR LEIS AGUS MAIDIR LENA ÚSÁID

#### Páipéar Comhairliúcháin Phoiblí

Is é cuspóir an chomhairliúcháin seo aighneachtaí a iarraidh ó pháirtithe leasmhara nó ó shaoránaigh chun breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar mhó ba chúí don Stát caitheamh leis an Rosc Náisiúnta.

Is é comhthéacs an bhreithnithe seo nach faoi chóipcheart a thuilleadh ceol ná liricí Béarla ná Gaeilge an Roisc Náisiúnta.

Tá tograí reachtaíochta déanta chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo. Ba maith le Seanad Éireann dul i gcomhairle le saoránaigh maidir lena dtuairimí ar an tsaincheist seo.

#### 1. Cuspóirí an Choiste

Chuirfí fáilte roimh gach tuairim nó tuairimí ginearálta ar an tsaincheist seo ón bpobal i gcoitinne, ó eagraíochtaí nó ó aon pháirtithe leasmhara, ach ar mhaithe leis an tsoiléireacht, déan breithniú, le do thoil, ar na ceisteanna táscacha seo a leanas sna freagraí go léir:

1. Ar chóir go mbeadh aon athrú ar stádas reatha an Roisc Náisiúnta, atá, faoi láthair, san fhearann poiblí agus cead ag gach duine é a úsáid?
2. Ar chóir go n-eiseodh an Rialtas treoirínite maidir le húsáid an Roisc Náisiúnta?
  - a. Má b'ea, cad iad nithe ba chóir a bheith clúdaithe nó gan a bheith clúdaithe leo?
  - b. Ar chóir go ndéanfaí tagairt iontu don tráth ba chúí an Rosc Náisiúnta a sheinm, nó do shrianta leis seo?
3. Ar chóir go dtabharfaí reachtaíocht isteach maidir leis an Rosc Náisiúnta? Má b'ea, cad dar chóir foráil a dhéanamh léi?
4. Ar chóir an Rosc Náisiúnta a bheith go hoifigiúil faoi réim reachtaíochta? Má b'ea, cad iad na leaganacha ceoil agus focal ar chóir úsáid a bhaint astu, agus cad iad na teangacha a bheadh i gceist?
5. Ar chóir srian dlíthiúil a chur le húsáid an Roisc Náisiúnta, trí phróiseas cóipchirt nó ar shlí eile?
6. Cad ar chóir a mheas gurb é mí-úsáid an Roisc Náisiúnta é? Cén chaoi a dtabharfaí breith air seo agus cén duine ba chóir í a fhorfheidhmiú?

7. Ar chóir úsáid an Roisc Náisiúnta a bheith srianta maidir le críocha tráchtála, amhail fógraíocht? An measfaí muirearú airgid chun an Rosc Náisiúnta a thaifeadadh ag ealaíontóir mar úsáid chun críocha tráchtála?
8. Cad iad na pionóis ba chóir a bheith ann dá ndéanfaí sárú ar aon cheann de na srianta a bheartaítear agus cén fhoirm ina mbeadh siad?

## 2. Comhthéacs

Glacadh go neamhfhoirmiúil le ‘A Soldier’s Song’/‘Amhrán na bhFiann’ mar Rosc Náisiúnta Shaorstát Éireann i mí na Bealtaine, 1924. Glacadh go hoifigiúil leis mar Rosc Náisiúnta Shaorstát Éireann i mí Iúil 1926 le breith ón Ard-Chomhairle, cé nár eisíodh aon fhógra foirmiúil an tráth sin maidir leis an athrú seo ar a stádas.

Is de réir a chéile a mhéadaigh gnaoi an phobail ar úsáid an Roisc Náisiúnta sna blianta ina dhiaidh sin. In 1929, d’údaraigh an Ard-Chomhairle cóiriú ar an gcurfá a rinne stiúrthóir an armbhanna, an Coirnéal Fritz Brasé agus cuireadh tús lena úsáid go coitianta mar an Rosc Náisiúnta oifigiúil. Cuireadh lena úsáid fhorleathan i measc an phobail i gcoitinne faoi na 1930adaí de bharr Raidió Éireann agus an Cumann Lúthchleas Gael glacadh leis.

Tionscnaíodh imeachtaí dlí sna 1930adaí luatha chun ríchíosanna a éileamh maidir le húsáid an Roisc Náisiúnta ar an gcaoi seo. Chuaigh an Stát i mbun caibidlí chun an cóipcheart a cheannach agus d’fhonn deireadh a chur le haon éilimh ar ríchíosanna a bhailiú maidir le húsáid an Roisc. Ina dhiaidh sin, rinneadh íocaíocht le Peadar ó Cearnaigh (údar na liricí Béarla) agus Pádraig Ó hÉanna (cumadóir an cheoil) ar fiú £980 é chun an cóipcheart a cheannach thar ceann an Stáit in 1933.

De bharr athruithe ar dhlí an chóipchirt in 1959, tharla caibidlí breise sna 1960adaí luatha, tráth a rinneadh íocaíocht bhreise £2,500 d’fhonn go leanfaí leis an socrú iomlán cóipchirt.

An tráth sin, níorbh fholáir ceadú na Roinne Airgeadais a fháil íoc as na hdirbhearta seo chun cóipcheart an Roisc Náisiúnta a cheannach, agus is ar an Aire Airgeadais atá an fhreagracht maidir le beartas oifigiúil ina leith go dtí an lá atá inniu ann. Tá an beartas céanna i gceist i gcónaí lena beartaíodh i gcéadair maidir leis an gceol agus an leagan Béarla a cheannach, is é sin le rá, an Rosc a bheith ar fáil saor in aisce do chách.

Le linn na tréimhse ina raibh an cóipcheart faoi rialú an Stáit rinneadh iarratais go minic chuig an Roinn Airgeadais, mar shealbhóirí an chóipchirt, chun na liricí nó an ceol a fhoilsiú. Géilleadh don chuid is mó díobh seo de réir an bheartais úsáid saor in aisce a bhaint as an Rosc, cé gur diúltaíodh cead do roinnt díobh a bhí go hiomlán de chineál tráchtála, amhail é a úsáid i bhfógraí.

Faoin Acht Cóipchirt 1963, bheadh cóipcheart an Stáit ar an Rosc Náisiúnta le dul in éag faoi dheireadh 1992. An tráth sin, rinneadh taighde maidir le reachtaíocht bhreise a rith chun an cóipcheart a fhadú nó chun cosaint bhreise dhlíthiúil a thabhairt don Rosc, ach tugadh breith gan déanamh amhlaidh.

Rinneadh le reachtaíocht ina dhiaidh sin de chuid an Aontais Eorpaigh chun dlí an chóipchirt a chomhchuiibriú, an cóipcheart ar shaothair ealaíonta nó ceoil a fhadú ó 50 bliain tar éis bhás an údair nó an chomh-údair is deireanaí a mhair ar an saothar go dtí 70 bliain. Chiall an méid seo

go ndearnadh cóipcheart an Stáit ar an Rosc a fhadú go dtí 31 Nollaig 2012, 70 bliain tar éis bhás Pheadair Uí Chearnaigh i mí na Samhna 1942.

Ón 1 Eanáir 2103 tháinig an Rosc isteach san fhearann poiblí. Ciallaíonn sé seo nach féidir aon táillí a ghearradh i leith a úsáide go suthaineacht. Leis seo, cuireadh i gcrích an beartas bunaidh bhí i gceist i ndáil le ceannach an chóipchirt.

Is siombail faoi chosant iad siombail eile de chuid an Stáit, lena n-áirítear an chruit agus an suaitheantas náisiúnta. Tá freagracht ag an Rannóg Phrótacail de chuid Roinn an Taoisigh as an suaitheantas náisiúnta, agus tá doiciméad treoirilínte a dhéanann achoimre ar an gcaoi cheart chun caitheamh leis an suaitheantas náisiúnta táirgthe ag an Roinn, agus tá sé ar fáil anseo ag [http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Historical Information/The National Flag/The National Flag.pdf](http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Historical%20Information/The%20National%20Flag/The%20National%20Flag.pdf)

Thug an Seanadóir Marcus Ó Dálaigh Bille Comhaltaí Príobháideacha isteach i Seanad Éireann ar shaincheist chóipcheart an Roisc Náisiúnta níos luaithe i mbliana. Tá an comhairliúchán seo á dhéanamh i gcomhthéacs na díospóireachta agus na gcaibidlí ar an tsaincheist sin.

### **An Comhthéacs Idirnáisiúnta**

I bhfianaise an ghhlactha fhairsing go hidirnáisiúnta leis an traidisiún Rosc Náisiúnta dearbhaithe a bheith ag gach Stát, is saincheist é seo a bhfuil díospóireacht déanta faoi ag tíortha eile ar fud an domhain san am atá caite.

Ceadaíonn an-chuid tíortha a gcuid Rosc Náisiúnta fanacht san fhearann poiblí, mar atá cás Rosc Náisiúnta na hÉireann faoi láthair. Féadfaidh gurb amhlaidh an cás seo de bharr gur de chineál traidisiúnta iad roinnt mhaith de na Roisc Náisiúnta, agus go bhfuil aon éileamh cóipchirt orthu dulta in éag dá bharr sin le himeacht aimsire, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, an Fhrainc nó an Ísiltír.

Tá iarrachtaí sonracha déanta freisin d'fhonn Roisc Náisiúnta a chur go sainráite san fhearann poiblí. Ritheadh *The Canadian National Anthem Act* in 1980. Chomh maith le ceol agus focail Rosc Náisiúnta Cheanada a shainmhíniú, cuireadh iad go hoifigiúil san fhearann poiblí.

Ritheadh reachtaíocht i roinnt tíortha mar mhodh is díri chun dearbh-theorainneacha a chur le húsáid a Roisc Náisiúnta. Áirítear orthu siúd an Astráil, an Rúis, an India, Singeapór, an Bhanglaidéis agus na hOileáin Fhilipíneacha. Ar na treoracha seo, tá cinn maidir le cathain agus cá háit ar chóir é a sheinm, le seasamh ar aire le linn dó a bheith á sheinm, agus leis an riachtanas go ndéarfaí é le díograis.

### **Díospóireacht Ghinearálta faoin tSaincheist**

Áirítear sa díospóireacht ar an tsaincheist seo gnéithe de dhlí an chóipchirt, caoinfhulaingt chultúrtha, ómós do shiombail náisiúnta, tuairimí an phobail, sairse chainte agus réimse tosca

eile. Tá gá ann go ndéanfar breithniú orthu go léir mar chuid d'aon phlé ar an gcaoi a gcaitear leis an Rosc Náisiúnta.

Maidir le cóipcheart ar an Rosc Náisiúnta, ní móide gur féidir ó thaobh an dlí de é a fhadú níos faide ná dáta foirmiúil an dulta in éag, arb éard é an 31 Nollaig, 2012, mar gheall ar reachtaíocht cóipchirt láithreach. D'fhéadfaí bealaí éagsúla reachtaíochta eile a bheith ann, áfach, d'fhonn a úsáid a shrianadh in imthosca áirithe, ach níor mhór díospóireacht agus mionphlé a dhéanamh ar na bealaí seo.

I dtéarmaí saoirse chainte, d'fhéadfaí gur shárú ar chearta seanbhunaithe sa réimse seo aon srianta a chur le húsáid an Roisc Náisiúnta. Tá roghnaithe ag mórán náisiún eile a Rosc Náisiúnta a chur go sainráite san fhearann poiblí agus braitheann said ar thuairim an phobail chun maoirsiú a dhéanamh ar é a úsáid go cuí. Ceadaítear saoirse chainte agus léirithe leis seo, ach faoin gcoinníoll go gcinnteofar leis an tsaoirse chainte chéanna go bhfaighfí poiblíocht dhiúltach agus aisfhreagra diúltach ón bpobal i gcoitinne i gcásanna úsáide míchuí, i cibé foirmeacha ina mbeadh an phoiblíocht nó an t-aisfhreagra sin.

Tá bá ar leith ag eagraíochtaí spóirt le húsáid an Roisc Náisiúnta. Eascraíonn an-chuid torthaí dearfacha as seo agus taispeántar ómós seasta ar leith do Roisc Náisiúnta laistigh den réimse seo ar bhonn rialta. Dá ndéanfaí coinníollacha a mholadh maidir le cathain, cá háit agus cén chaoi a bhféadfaí an Rosc Náisiúnta a úsáid, bheadh gá le breithniú ar leith a dhéanamh ar an réimse seo.

Táthar tar éis a bheartú gur chóir go rithfeadh an Rialtas reachtaíocht maidir leis an Rosc Náisiúnta. Is cnámh spairne i gcónaí é ar cheart dul chomh fada le coinníollacha sonracha maidir le húsáid an Roisc Náisiúnta, nó pionóis maidir le mí-úsáid an chéanna, a áireamh i reachtaíocht.

Tá a mhalairt de thuairim ann go bhféadfaí, i gcás reachtaíocht a bheith á breithniú maidir leis an Rosc Náisiúnta, gur chuí í a úsáid chun an Rosc Náisiúnta a ainmniú go hoifigiúil mar an Rosc Náisiúnta, agus leagan oifigiúil den cheol agus de na focail a thabhairt faoi réim creat reachtaíochta. Ba ghá leagan oifigiúil den cheol agus de na focail a roghnú i dteangacha cuí, i dteannta aistriúcháin chuí, nó forálacha a dhéanamh chuige sin sa todhcháí, da ndéanfaí sainmhíniú chomh sonracha ar an Rosc Náisiúnta ar an gcaoi seo.

De réir mar atá cúrsaí anois, féadfar an dlí coiriúil coiteann nó ginearálta a úsáid chun cosc a chur ar an Rosc Náisiúnta a úsáid ar bhealach a ghríosfadh aon duine chun an tsíocháin a bhriseadh. Is é an pobal freisin a thabharfaidh breith i leith úsáid nó mí-úsáid ionchasach an Roisc Náisiúnta, ach is é sprioc an chomhairliúcháin seo an chaoi is fearr chun caitheamh leis an Rosc Náisiúnta, lena n-áirítear roghanna mar reachtaíocht a rith, treoirlínte a eisiúint, nó gan aon athrú a dhéanamh ar an rochtain poiblí atá ann i láthair na huaire, a chinneadh.

### **3. An próiseas**

Iarrtar ar eagraíochtaí agus daoine aonair leasmhara aighneachtaí i scríbhinn a chur chuig an gCoiste ar an tsaincheist seo. Déanfaidh an coiste athbhreithniú ar na haighneachtaí go léir a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos thíos agus iarrfaidh sé ar líon áirithe de na

rannchuiditheoirí páirt a ghlacadh i gcruinniú leis an gCoiste. Tionólfar an cruinniú i Seomra an tSeanaid i dTeach Laighean.

Tá spéis ar leith ag an gCoiste cloisteáil ó na páirtithe seo a leanas agus féadfaidh sé tuairimí/taithí an chéanna a iarraidh.

1. Comhlachtaí poiblí agus saoránaigh phríobháideacha araon
2. Saineolaithe i réimse an chóipchirt
3. Eagraíochtaí a úsáideann an Rosc Náisiúnta go rialta
4. Forais Dara agus Tríú Leibhéal
5. Ionadaithe Poiblí

Déanfaidh an Coiste tuarascáil, ina mbeidh cinntí agus moltaí, a dhréachtadh agus a fhoilsiú agus Bille nó prótacal a dhréachtadh lena ghlacadh. Nuair a fhoilseofar a thuarascáil, iarrfaidh an Coiste díospóireacht leis an Aire sa Seanad.

### **Aighneachtaí**

Níor chóir go mbeadh aighneachtaí níos faide ná cúig leathanach agus ba chóir go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas iontu:

1. Ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist, agus uimhir ghutháin na heagraíochta nó an duine a bheidh ag cur an aighneacht isteach;
2. Réamhrá gearr ina léireofar aon taithí, saineolas nó cúlra atá agat sa réimse seo;
3. Faisnéis fhíorasach, tráchtaí nó tuairimí a chreideann tú a bheidh ina gcabhair don Choiste le linn dó conclúidí a chinneadh;
4. Athruithe a chreideann tú is gá a dhéanamh ar reachtaíocht nó ar bheartas poiblí.

Scaipfear na haighneachtaí ar gach comhalta den Choiste agus féadfar iad a fhoilsiú, go hiomlán nó go páirteach, i dtuarascáil an Choiste agus/nó ar leathanach gréasáin an Choiste. Más fearr leat nach bhfoilseofaí d'aighneacht sa tuarascáil nó ar leathanach gréasáin an Choiste, cuir an méid sin in iúl go soiléir le do thoil.

Tá líon coinníollacha i dTearmaí Tagartha an Choiste, a leagtar amach thíos, a rialaíonn ábhar na n-aighneachtaí. Iarrtar ar rannchuiditheoirí aird a thabhairt orthu seo a leanas:

*“Tá aighneacht inghlactha mura rud é –*

- (a) go n-iarrtar léi ar an Seanad aon ní a dhéanamh seachas ní a bhfuil cumhacht ag an Seanad é a dhéanamh;*
- (b) nach gcomhlíonann sí na Buan-Orduithe nó nach bhfuil sí i bhfoirm chuí ar shlí eile;*
- (c) go bhfuil aon ní inti atá sub judice de réir bhrí Bhuan-Ordú 47;*
- (d) go ndéanfar trácht inti faoi dhuine lasmuigh den Teach, nó oifigeach, nó go gcáintear é nó í inti nó go ndéantar líomhaintí inti ina choinne nó ina coinne, cibé acu as a ainm nó as a hainm nó ar shlí arbh fhurasta é nó í a aithint;*
- (e) go bhfuil friotal inti atá colúil nó clúmhillteach;*
- (f) gurb ionann í agus aighneacht, nó go bhfuil sí sna téarmaí céanna, go substaintiúil, le haighneacht a rinne an duine céanna nó an comhlacht céanna, nó a rinneadh thar a cheann nó thar a ceann, le linn shaolré an Choiste.*

**Ní foláir aighneachtaí a bheith faighte ag Cléireach an Choiste tráth nach déanaí ná 4pm, Déardaoin, 2 Samhain, 2017.**

Is fearr aighneachtaí a fháil le ríomhphost agus i bhformáid Microsoft Word.  
[seanadpublicconsult@oireachtas.ie](mailto:seanadpublicconsult@oireachtas.ie) an seoladh ríomhphoist le haghaidh aighneachtaí.

Féadfaidh aighneachtaí a chur leis an bpost freisin chuig:

Bridget Doody,  
Cléireach Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid,  
Oifig an tSeanaid,  
Teach Laighean,  
Sráid Chill Dara,  
Baile Átha Cliath 2.

Féadfar teagmháil gutháin a dhéanamh le Cléireach an Choiste ag: 01 6183225.

**Comhaltaí an Choiste:**

Tá an Seanadóir Pól Ó Cochlain, Leas-Chathaoirleach Sheanad Éireann ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid.

Is iad na comhaltaí eile na Seanadóirí Catherine Ardagh, Diarmuid Ó Buitiméir, Máire Ní Bhroinn, Martin Conway, Marcus Ó Dálaigh, Máire Devine, Joan Freeman, Colette Kelleher, Donacha Ó Leandaí agus Pádraig Ó Céidigh.

Ceapadh an Seanadóir Marcus Ó Dálaigh ina Rapporteur chun críoch na Tuarascála.